Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

2026/2023(INL)

25.3.2026

DRÉACHT-TUARASCÁIL

le moltaí don Choimisiún maidir le riosca síceasóisialta, strus agus meabhairshláinte ag an obair
(2026/2023(INL))

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

Rapóirtéir: Estelle Ceulemans

(Tionscnamh – Riail 47 de na Rialacha Nós Imeachta)

CLÁR NA nÁBHAR

Leathanach

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 3

IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN TAIRISCINT I GCOMHAIR RÚIN: MOLTAÍ MAIDIR LE hÁBHAR AN TOGRA A IARRADH 10

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 22

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR 24

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

le moltaí don Choimisiún maidir le riosca síceasóisialta, strus agus meabhairshláinte ag an obair
(2026/2023(INL))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint d'Airteagal 225 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),

– ag féachaint do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 1, 3, 21, 27, 31 agus 35 di,

– ag féachaint do Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, go háirithe Prionsabal 10 maidir le timpeallachtaí oibre sláintiúla, sábháilte agus dea-oiriúnaithe,

– ag féachaint do Threoir 89/391/CEE ón gComhairle an 12 Meitheamh 1989 maidir le bearta a thabhairt isteach chun feabhsuithe ar shábháilteacht agus ar shláinte oibrithe ag an obair a spreagadh[1],

– ag féachaint do Threoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais,[2]

– ag féachaint do Threoir (AE) 2024/2831 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 maidir le dálaí oibre san obair ardáin a fheabhsú[3], agus go háirithe Airteagal 12 di;

– ag féachaint do Threoir 2003/88/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Samhain 2003 maidir le gnéithe áirithe d'eagrú ama oibre[4], do Threoir (AE) 2019/1152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le dálaí oibre trédhearcacha agus intuartha san Aontas Eorpach[5], agus do Threoir 2002/14/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2002 lena mbunaítear creat ginearálta chun fostaithe sa Chomhphobal Eorpach a chur ar an eolas agus chun dul i gcomhairle leo[6],

– ag féachaint do chreat-chomhaontú na gcomhpháirtithe sóisialta Eorpacha maidir le strus a bhaineann leis an obair (2004),

– ag féachaint do chreat-chomhaontú na gcomhpháirtithe sóisialta Eorpacha maidir le ciapadh agus foréigean ag an obair (2007),

– ag féachaint do Chreat Straitéiseach AE maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an

---

1 IO L 183, 29.6.1989, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1989/391/oj.
2 IO L 305, 26.11.2019, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/1937/oj.
3 IO L, 2024/2831, 11.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/2831/oj.
4 IO L 299, 18.11.2003, lch. 9, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/88/oj.
5 IO L 186, 11.7.2019, lch. 105, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/1152/oj.
6 IO L 80, 23.3.2002, lch. 29, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2002/14/oj.

Obair 2021–2027, ina leagtar amach príomhthosaíochtaí chun athruithe i saol nua na hoibre a thuar agus a bhainistiú, chun feabhas a chur ar chosc tionóiscí agus galar san ionad oibre, agus chun ullmhacht do ghéarchéimeanna sláinte amach anseo a mhéadú,

– ag féachaint do rún uaithi an 10 Márta 2022 maidir le Creat Straitéiseach nua AE maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair,

– ag féachaint do rún uaithi an 5 Iúil 2022 maidir leis an meabhairshláinte i saol digiteach na hoibre (2021/2098(INI)),

– ag féachaint do rún uaithi an 21 Eanáir 2021 maidir leis an gceart chun dícheangail (2019/2181(INL))

– ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le hobair fhorbhásach agus meabhairshláinte (SOC/745-EESC-2023),

– ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle ar an Meabhairshláinte (15971/23),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 4 Nollaig 2025 maidir leis an Treochlár um Poist ar Ardchaighdeán,

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 7 Meitheamh 2023 maidir le cur chuige cuimsitheach i leith na meabhairshláinte,

– ag féachaint don staidéar ó Roinn Beartais Pharlaimint na hEorpa a foilsíodh i mí na Bealtaine 2023 maidir le híoscheanglais sláinte agus sábháilteachta chun meabhairshláinte a chosaint san ionad oibre,

– ag féachaint do Shuirbhé Eurofound ar Dhálaí Oibre san Eoraip 2024: Na chéad torthaí. Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don tuarascáil ón Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair ar “Rioscaí síceasóisialta agus meabhairshláinte a bhaineann leis an obair in earnáil sláinte agus cúraim shóisialta an Aontais” a foilsíodh an 13 Samhain 2025,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla ar an mbunús dlí atá molta,

– ag féachaint do Rialacha 47 agus 55 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Shláinte Phoiblí,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta (A10 0000/2026),

A. de bhrí go n-eascraíonn rioscaí síceasóisialta a bhaineann leis an obair go príomha as nochtadh tosca riosca a bhaineann le heagrú, dearadh agus bainistiú na hoibre, agus as comhthéacs sóisialta agus coibhneasta na hoibre, agus as dálaí oibre;

B. de bhrí go gcuireann nochtadh d’tosca riosca síceasóisialta amhail ualach oibre iomarcach, luas oibre míréasúnta, ganntanais lucht saothair, easpa neamhspleáchais,

éiginnteacht fostaíochta, drochchleachtais bhainistíochta, feidhmíocht mhífheidhmiúil agus córais mheastóireachta bunaithe ar fhiúntas go mór le rioscaí síceasóisialta a bhaineann leis an obair;

C. de bhrí go bhfuil éifeachtaí diúltacha tromchúiseacha ag nochtadh d'fhachtóirí riosca síceasóisialta ar mheabhairshláinte agus ar shláinte choirp oibrithe, lena n-áirítear strus a bhaineann leis an obair, traochadh, neamhoird imní, dúlagar, galair chardashoithíocha, neamhoird mhatánchnámharlaigh agus éagumas oibre fadtéarmach;

D. de bhrí go léiríonn Suirbhé Eurofound ar Dhálaí Oibre san Eoraip gur tháinig méadú ar nochtadh do dhéine ard oibre ó 27 % in 2015 go 40 % in 2021 agus go raibh fostaí amháin as gach triúr ag obair ar dhéine ard oibre, go spriocdhátaí dochta nó le linn a gcuid ama shaoir;

E. de bhrí go dtagann costais shuntasacha shóisialta agus eacnamaíocha chun cinn i ndáil le rioscaí síceasóisialta a bhaineann leis an obair, lena n-áirítear neamhláithreacht, imeacht ón margadh saothair agus táirgiúlacht laghdaithe ar fud an Aontais, arb ionann iad agus thart ar 60 % de laethanta oibre caillte san Aontas, rud a chuireann le ganntanais saothair agus le déine oibre mhéadaithe d'oibrithe in eagraíochtaí a ndéanann ganntanais den sórt sin difear dóibh; de bhrí go dtéann aghaidh a thabhairt ar rioscaí síceasóisialta a bhaineann leis an obair, strus agus meabhairshláinte ag an obair chun tairbhe d'oibrithe agus d'fhostóirí araon;

F. de bhrí go bhfuil tionchar an-dian agus fadtéarmach ag iompar sóisialta díobhálach, lena n-áirítear mí-úsáid ó bhéal, bagairtí, aird ghnéasach neamh-inmhianaithe, bulaíocht, foréigean agus ciapadh, ar shláinte fhisiciúil agus ar mheabhairshláinte oibrithe, agus go ndéanann sé difear díréireach d'oibrithe sa tsláinte, sa riarachán poiblí agus i ngairmeacha atá dírithe ar chliaint; de bhrí gur cheart foréigean, lena n-áirítear foréigean tríú páirtí ó chliaint, ó othair, ó fhaighteoirí cúraim nó ó úsáideoirí seirbhíse, a aithint go sainráite agus gur cheart aghaidh a thabhairt air;

G. de bhrí nach bhforáiltear le creat reatha AE maidir le sábháilteacht agus sláinte cheirde (OSH), go háirithe Treoir 89/391/CEE, do rialacha ceangailteacha atá sonrach go leor ina luaitear freagracht an fhostóra aghaidh a thabhairt ar na rioscaí uile;

H. de bhrí go bhfuil éagsúlacht shuntasach ann maidir le leitheadúlacht rioscaí síceasóisialta a bhaineann leis an obair agus maidir leis an gcaoi ar tugadh aghaidh orthu sa reachtaíocht náisiúnta agus i mbeartais níos leithne, lena n-áirítear iad siúd lena gcuirtear chun feidhme comhaontuithe na gcomhpháirtithe sóisialta Eorpacha maidir le strus a bhaineann leis an obair agus maidir le ciapadh agus foréigean; de bhrí go léiríonn an éagsúlacht sin difríochtaí i struchtúir mhargadh an tsaothair, i gcreataí rialála agus i gcleachtais cur chun feidhme, rud a fhágann go bhfuil leibhéil mhíchothroma cosanta ann ar fud an Aontais;

I. de bhrí gur deitéarmanaint shuntasacha maidir le sláinte agus sábháilteacht oibrithe iad rioscaí síceasóisialta a bhaineann leis an aeráid, lena n-áirítear nochtadh d'eachtraí agus dálaí adhaimsire agus a dtorthaí, amhail strus teasa, imní faoin gcomhshaol, agus strus a bhaineann leis an obair atá nasctha le haistrithe comhshaoil; de bhrí go ndéanfadh comhtháthú na rioscaí sin i ndlí an Aontais Eorpaigh é a nuachóiriú agus go n-áiritheodh sé a ábharthacht leanúnach do shaol athraitheach na hoibre;

J. de bhrí go dtugann an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair chun suntais a thábhachtaí atá próisis rannpháirtíochta measúnaithe riosca agus rannpháirtíocht éifeachtach oibrithe agus a n-ionadaithe chun rioscaí síceasóisialta a bhaineann leis an obair a chosc;

K. de bhrí go dtuairiscíonn 29 % d'oibrithe nach bhfuil siad an-eolach nó nach bhfuil siad ar an eolas ar chor ar bith faoi strus a bhaineann leis an obair a chosc ina n-ionad oibre, rud a léiríonn bearna shuntasach eolais agus cumarsáide maidir le rioscaí síceasóisialta a chosc;

L. de bhrí go gcuireann an úsáid mhéadaitheach a bhaintear as teicneolaíochtaí digiteacha, bainistiú algartamach agus intleacht shaorga le strus teicneolaíochta, ró-ualach cognaíoch, diansaothrú oibre, leithlisiú sóisialta agus cailliúint neamhspleáchais, agus gur minic a bhíonn sé de cheangal ar oibrithe oiriúnú do mheaisíní seachas teicneolaíocht a chur in oiriúint d'oibrithe;

M. de bhrí go raibh baint ag teilea-obair agus socruithe solúbtha oibre, agus neamhspleáchas agus solúbthacht á soláthar ag an am céanna, le déine oibre mhéadaithe, cur isteach ar an gcothromaíocht oibre is saoil, infhaighteacht leathnaithe agus teacht chun cinn cultúir oibre 'i gcónaí', rud a d'fhéadfadh difear diúltach a dhéanamh don mheabhairshláinte mura ndéantar é a rialáil i gceart;

N. de bhrí go bhfuil mná, oibrithe óga agus oibrithe níos sine, oibrithe i gcineálacha fostaíochta forbhásacha nó neamhchaighdeánacha, foireann bhainistíochta, oibrithe imirceacha agus mionlaigh eitneacha, oibrithe a bhfuil riocht ainsealach orthu, agus oibrithe atá faoi réir dianfhaireacháin feidhmíochta agus córais luaíochta bunaithe ar fhiúntas neamhchosanta go díréireach ar rioscaí síceasóisialta a bhaineann leis an obair; de bhrí nach leochaileacht aonair is cúis leis sin ach gur toradh é ar neamhionannais struchtúracha, míchothromaíochtaí cumhachta agus cleachtais idirdhealaitheacha in eagrú na hoibre, lena n-áirítear gnéasachas, aoiseachas, ciníochas, cumasachas, idirdhealú aicmebhunaithe agus idirdhealú bunaithe ar ghnéaschlaonadh, féiniúlacht inscne nó léiriú inscne; de bhrí gur tosca riosca síceasóisialta iontu féin iad na cineálacha trasnacha idirdhealaithe sin;

O. de bhrí go bhfuil oibrithe imirceacha neamhchosanta go díréireach ar rioscaí síceasóisialta ag an obair mar gheall ar thosca éagsúla amhail fostaíocht fhorbhásach, dálaí oibre neamhshábháilte, cóir neamhchothrom agus bacainní ar rochtain a fháil ar chearta agus mí-úsáid a thuairisciú; de bhrí go bhfuil oibrithe i staid neamhrialta an-leochaileach i leith dúshaothrú saothair, cleachtais mhí-úsáideacha agus eagla roimh fhrithbheart nó díbirt agus iad ag iarraidh a gcearta a dhearbhú; de bhrí go bhfuil na rioscaí sin thar a bheith géar in earnálacha amhail obair tí, ina bhfuil ró-ionadaíocht ag mná imirceacha;

P. de bhrí gur bacainní móra ar chosc, ar fhorfheidhmiú agus ar rochtain éifeachtach ar cheartas iad deacrachtaí maidir le haitheantas dlíthiúil a thabhairt do ghalair shíceasóisialta a bhaineann leis an obair mar thoradh ar nochtadh do rioscaí síceasóisialta a bhaineann leis an obair agus an dualgas cruthúnais a chuirtear ar oibrithe;

Q. de bhrí go bhfuil oibrithe a thuairiscíonn éagóir, sáruithe sábháilteachta agus sláinte

ceirde nó rioscaí síceasóisialta a bhaineann leis an obair, chomh maith le finnéithe díreacha agus indíreacha, neamhchosanta go háirithe ar fhrithbheartaíocht, leithlisiú, imeaglú agus pionóis ghairme;

R. de bhrí go bhfuil ról lárnach ag cosc tánaisteach maidir le sláinte oibrithe a chosaint trí luathbhrath lagú sláinte a bhaineann leis an obair a chumasú, go háirithe iad siúd a bhaineann le rioscaí síceasóisialta, agus trí idirghabháil thráthúil a áirithiú chun a ngéarú a chosc; de bhrí go n-áirítear ann, inter alia, sásraí iomchuí faireacháin, foláirimh agus tacaíochta, lena n-áirítear rochtain ar sheirbhísí sláinte ceirde agus bearta tacaíochta ábhartha; de bhrí go rannchuidíonn cur chuige struchtúrtha maidir le cosc tánaisteach le fad na neamhláithreachtaí a laghdú, le filleadh inbhuanaithe ar an obair a éascú agus le hatarlú a chosc, agus ar an gcaoi sin bearta coisctheacha príomhúla a chomhlánú;

S. de bhrí gurb é an fostóir atá freagrach as rioscaí síceasóisialta a bhaineann leis an obair agus nach mór aghaidh a thabhairt orthu go príomha trí bhearta coisctheacha comhchoiteanna agus eagraíochtúla seachas trí straitéisí déileála aonair;

1. á chur i bhfáth go bhfuil géarghá le creat reachtach AE a neartú maidir le rioscaí síceasóisialta a bhaineann leis an obair a chosc, a shainaithint agus a bhainistiú agus chun ardleibhéal cosanta do shláinte agus do shábháilteacht oibrithe a áirithiú;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a aithint go sainráite go n-eascraíonn galair cheirde as rioscaí síceasóisialta a bhaineann leis an obair, lena n-áirítear neamhoird mheabhairshláinte, chomh maith le tionóiscí a bhaineann leis an obair, agus córais náisiúnta a oiriúnú chun galair cheirde agus tionóiscí ag an obair a aithint, a chosc agus a chúiteamh dá réir sin; á iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar Mholadh (AE) 2022/2337 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2022 maidir le sceideal Eorpach na ngalar ceirde agus, i gcás inar gá, é a leasú dá réir sin;

3. á iarraidh go dtabharfaí isteach sásraí chun an dualgas cruthúnais a aisiompú nó a mhaolú i gcás ina ndéanann lagú díobhálach sláinte difear d’oibrí mar gheall ar nochtadh do rioscaí síceasóisialta a bhaineann leis an obair;

4. á iarraidh ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh measúnuithe riosca síceasóisialta éigeantach, córasach, rannpháirteach agus doiciméadaithe i gceart i ngach ionad oibre, agus go ndéanfar iad le rannpháirtíocht éifeachtach oibrithe agus a n-ionadaithe; á iarraidh go ndéanfaí dearcadh inscne-íogair agus thrasnach a chomhtháthú go córasach sna measúnuithe sin, agus idirdhealú agus neamhionannais struchtúracha á gcur san áireamh;

5. á mheabhrú go bhfuil oibleagáid ann oibrithe agus a n-ionadaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo ag gach céim den mheasúnú, den chosc agus den díothú riosca síceasóisialta, i gcomhréir le dlí saothair AE agus le prionsabail an idirphlé shóisialta, lena n-áirithítear rannpháirtíocht oibrithe agus a n-ionadaithe i gceapadh agus i gcur chun feidhme beart agus i bhfaireachán leanúnach ar rioscaí, trí chomhlachtaí tiomnaithe a bhunú in ionaid oibre i gcás nach ann dóibh agus trí shainchumais na gcoistí sláinte agus sábháilteachta atá ann cheana a neartú trí chearta chun saineolais a dheonú dóibh;

6. á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról tábhachtach ag na comhpháirtithe sóisialta agus ag

an gcómhargáil maidir le rioscaí síceasóisialta a bhaineann leis an obair a chosc agus aghaidh a thabhairt orthu, trí idirphlé sóisialta struchtúrtha a áirithiú, cosaint oibrithe a neartú, agus ionaid oibre níos sláintiúla, níos sábháilte agus níos athléimní a chur chun cinn;

7. á iarraidh ar na Ballstáit oiliúint éigeantach agus leanúnach a áirithiú d'fhostóirí, do bhainisteoirí, d'oibrithe agus d'ionadaithe oibrithe maidir le rioscaí síceasóisialta a bhaineann leis an obair agus tosca riosca síceasóisialta, lena n-áirítear ciapadh agus foréigean, agus bearta coisctheacha;

8. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá nósanna imeachta soiléire, rúnda, neamhspleácha agus inrochtana chun aghaidh a thabhairt ar chásanna ciaptha, foréigin agus idirdhealaithe ag an obair, lena n-áirithítear cosaint i gcoinne frithbhirt agus urraim do chearta íospartach;

9. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cigireachtaí saothair a neartú trí íoschaighdeáin uile-Aontais a bhunú le haghaidh cigireachtaí saothair i réimse na rioscaí síceasóisialta a bhaineann leis an obair, lena n-áirítear oiliúint speisialaithe, uirlisí comhchuibhithe measúnaithe agus faireacháin, agus acmhainní leormhaithe chun tacú le cosc agus forfheidhmiú éifeachtach;

10. ag tathant ar na Ballstáit bearta coisctheacha príomhúla agus tánaisteacha a ionchorprú ina straitéisí náisiúnta sláinte agus sábháilteachta ceirde, lena n-áiritheofar comhordú éifeachtach idir córais cúraim sláinte, cigireachtaí saothair agus comhpháirtithe sóisialta; leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar bhailiú, ar fhaireachán agus ar thuairisciú sonraí maidir le rioscaí síceasóisialta a bhaineann leis an obair agus neamhláithreachtaí gaolmhara, galair cheirde agus gortuithe chun gur féidir meastóireacht níos cruinne a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart coisc agus idirghabhála;

11. á chur i bhfáth go bhfuil gá le beartais chuimsitheacha maidir le filleadh ar an obair lena dtacaítear le fostaithe tar éis breoiteachta nó deacrachtaí síceasóisialta; ag spreagadh na mBallstát chun cláir ath-lánpháirtithe shaincheaptha a fhorbairt, lena n-áirítear coigeartuithe san ionad oibre, sceidil sholúbtha, agus tacaíocht leanúnach sláinte ceirde; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá an comhar idir fostóirí, soláthraithe cúraim sláinte agus comhpháirtithe sóisialta chun filleadh rianúil, inbhuanaithe agus cuimsitheach ar an obair a éascú, agus athiompaithe á gcosc agus dea-bhail fhadtéarmach á cur chun cinn ag an am céanna;

12. á chur i bhfáth go bhfuil gá le híoschaighdeáin maidir le rioscaí síceasóisialta a bhaineann leis an obair a aithint, a chosc agus a chúiteamh, chun ilroinnt dhlíthiúil agus cosaint mhíchothrom oibrithe a sheachaint; á iarraidh ar an gCoimisiún sainmhíniú soiléir agus ceangailteach ó thaobh dlí a mholadh ar rioscaí síceasóisialta a bhaineann leis an obair agus ar thosca riosca síceasóisialta, lena gcumhdófar rioscaí a eascraíonn as eagrú na hoibre, as cleachtais deartha agus bhainistíochta, as an gcomhthéacs sóisialta agus caidrimh ag an obair agus as dálaí oibre, agus lena n-áirítear saincheisteanna amhail strus a bhaineann leis an obair, traochadh, ciapadh, foréigean agus idirdhealú;

13. á iarraidh ar an gCoimisiún, faoi dheireadh 2026, ar bhonn Airteagal 153(2), pointe (b),

agus Airteagal 153(1), pointe (a), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, togra a thíolacadh le haghaidh treoir maidir le rioscaí síceasóisialta a bhaineann leis an obair, strus agus meabhairshláinte ag an obair, lena n-áirítear íoscheanglais d'fhonn ardleibhéal coibhéiseach cosanta a bheith ann do gach oibrí san Aontas de réir na moltaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo;

14. á mheas gur cheart impleachtaí airgeadais an togra iarrtha a chumhdach leis na leithdháiltí buiséadacha atá ann cheana;

15. á threorú dá hUachtarán an rún seo agus na moltaí a ghabhann leis a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún agus chuig an gComhairle, agus chuig parlaimintí agus rialtais na mBallstát.

IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN TAIRISCINT I GCOMHAIR RÚIN: MOLTAÍ MAIDIR LE hÁBHAR AN TOGRA A IARRADH

TÉACS AN TOGRA REACHTAIGH A IARRADH

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN GCOMHAIRLE

maidir le rioscaí síceasóisialta a bhaineann leis an obair, strus agus meabhairshláinte ag an obair a chosc

TÁ PARLAIMINT NA HEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 153(2), pointe (b), i gcomhar le hAirteagal 153 (1), pointe (a), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa [1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún [2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach [3],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) D'iarr Parlaimint na hEorpa arís agus arís eile go nglacfaí treoir shonrach AE chun ardleibhéal coibhéiseach cosanta a áirithiú i gcoinne rioscaí síceasóisialta a bhaineann leis an obair do gach oibrí san Aontas.

(2) Ba cheart sainmhíniú ar rioscaí síceasóisialta a bhaineann leis an obair agus ar thosca riosca a bhaineann le heagrú, dearadh agus bainistiú na hoibre, leis an gcomhthéacs sóisialta agus coibhneasta ag an obair agus le dálaí oibre a ghlacadh ar an leibhéal Eorpach chun cinnteacht a thabhairt d'fhostóirí agus d'oibrithe.

(3) Ba cheart rioscaí síceasóisialta a bhaineann leis an obair a aithint mar rioscaí ceirde de réir bhrí dhlí an Aontais maidir le sábháilteacht agus sláinte cheirde.

(4) Ba cheart cosc rioscaí síceasóisialta a bhaineann leis an obair a bheith bunaithe go príomha ar bhearta comhchoiteanna agus eagraíochtúla, i gcomhréir le hordlathas an choisc, lena n-áirítear coigeartú an ualaigh oibre, am oibre, rialú post, leibhéil foirne, cleachtais bhainistíochta agus córais meastóireachta feidhmíochta. á chur i bhfáth nach

[1] IO ...
[2] IO ...
[3] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ...

féidir cláir oiliúna, comhairleoireachta nó folláine/folláine athléimneachta aonair a chur in ionad oibleagáidí dlíthiúla fostóirí rioscaí síceasóisialta a bhaineann leis an obair a chosc trí eagrú, dearadh agus bainistiú oibre a oiriúnú.

(5) Ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le smachtbhannaí éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha i gcás sáruithe ar na cearta agus na hoibleagáidí a leagtar amach sa Treoir seo.

(6) Ba cheart d'fhostóirí a áirithiú go n-urramaíonn eagrú na hoibre, cleachtais bhainistíochta agus córais meastóireachta feidhmíochta sláinte, dínit agus cearta bunúsacha na n-oibrithe,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar agus cuspóir

Leagtar síos leis an Treoir seo íoscheanglais chun rioscaí síceasóisialta a bhaineann leis an obair a chosc, a dhíothú nó, i gcás nach féidir é sin a dhéanamh, a laghdú.

Bunaítear leis oibleagáidí ceangailteacha eagraíochtúla, struchtúracha agus rannpháirtíochta d'fhostóirí chun meabhairshláinte agus sláinte fhisiciúil oibrithe a chosaint agus chun dálaí oibre sábháilte agus díniteacha a áirithiú.

Beidh an Treoir seo gan dochar d'fhorálacha náisiúnta agus Comhphobail atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo atá níos fabhraí do chosaint sábháilteachta agus sláinte oibrithe ag an obair.

Airteagal 2

Raon feidhme

Tá feidhm ag an Treoir seo maidir le hoibrithe i ngach earnáil den ghníomhaíocht eacnamaíoch, idir phoiblí agus phríobháideach.

Airteagal 3

Sainmhínithe

Chun críocha na Treorach seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) Ciallaíonn 'rioscaí síceasóisialta a bhaineann leis an obair' rioscaí a bhaineann leis an obair a eascraíonn as nochtadh d'tosca riosca síceasóisialta a bhaineann le heagrú,

dearadh agus bainistiú na hoibre, an comhthéacs sóisialta agus coibhneasta ag an obair agus dálaí oibre, a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do mheabhairshláinte agus do shláinte choirp, do shábháilteacht agus do dhínit oibrithe; d'fhéadfadh strus, traochadh, ciapadh, foréigean, neamhoird mheabhracha, andúil nó iompar féinmharfach, galair chardashoithíocha agus neamhoird mhatánchnámharlaigh a bheith mar thoradh ar na rioscaí sin, inter alia;

(2) Ciallaíonn 'strus a bhaineann leis an obair' staid brú fhisiciúil, mhothúchánach agus shíceolaíoch a eascraíonn as nochtadh fada d'éilimh oibre a sháraíonn cumas nó acmhainní oibrí; tá sé tréithrithe ní hamháin ag mothúcháin ídithe, ach freisin ag leibhéil mhéadaithe teannais, imní, nó a bheith 'ar an imeall' go leanúnach, rud a léiríonn róghníomhachtú (strus/imní) agus ídiú (tuirse);

(3) Ciallaíonn 'tosca riosca síceasóisialta' tosca riosca a bhaineann leis an obair a bhaineann le heagrú, dearadh agus bainistiú na hoibre, a comhthéacs sóisialta agus coibhneasta agus a dálaí oibre, lena n-áirítear ualach ard oibre, déine ard oibre, uaireanta fada oibre, easpa neamhspleáchais, easpa tacaíochta ó mhaoirseoirí, ciapadh, foréigean agus iompar idirdhealaitheach, éilimh arda mhothúchánacha, déine ard dhigiteach, a bheith faoi réir córais chinnteoireachta nó faireacháin uathoibrithe, spriocanna neamhréadúla;

(4) Ciallaíonn 'cosc príomhúil' bearta arb é is aidhm dóibh rioscaí síceasóisialta a bhaineann leis an obair a dhíothú agus a chosc ag an bhfoinse trí oiriúnuithe ar eagrú, dearadh agus bainistiú na hoibre, agus ar dhálaí oibre;

(5) Ciallaíonn 'cosc tánaisteach' bearta arb é is aidhm dóibh torthaí díobhálacha atá ag teacht chun cinn mar thoradh ar nochtadh do rioscaí síceasóisialta a bhaineann leis an obair a shainaithint go luath agus a bhainistiú go tráthúil chun a ndul chun cinn a chosc, a dtionchar a laghdú, agus forbairt torthaí níos tromchúisí a sheachaint, lena n-áirítear trí scagadh, faireachán agus idirghabhálacha spriocdhírithe d'oibrithe a léiríonn comharthaí tosaigh nochta nó díobhála.

CAIBIDIL II

Oibleagáidí Fostóirí

Airteagal 4

Oibleagáid ghinearálta maidir le cosc

1. Áiritheoidh fostóirí go gcuirfear cosc ar rioscaí síceasóisialta a bhaineann leis an obair tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) rioscaí a sheachaint;

(b) meastóireacht a dhéanamh ar na rioscaí nach féidir a sheachaint;

(c) na rioscaí ag an bhfoinse a chomhrac;

(d) an obair a chur in oiriúint don duine aonair, go háirithe maidir le dearadh áiteanna oibre, rogha an trealaimh oibre agus rogha na modhanna oibre agus táirgthe, d'fhonn, go háirithe, obair aontonach agus obair ar ráta oibre réamhchinntithe a mhaolú agus a n-éifeacht ar an tsláinte a laghdú;

(e) oiriúnú don dul chun cinn teicniúil;

(f) an chontúirt a athsholáthar leis an neamhchontúirteach nó leis an gcontúirt is lú;

(g) beartas coisctheach comhleanúnach foriomlán a fhorbairt lena gcumhdaítear an teicneolaíocht, eagrú na hoibre, dálaí oibre, caidrimh shóisialta agus tionchar na dtosca a bhaineann leis an timpeallacht oibre;

(h) tosaíocht a thabhairt do bhearta cosanta comhchoiteanna ar bhearta cosanta aonair;

(i) treoracha iomchuí a thabhairt do na hoibrithe.

2. Áiritheoidh fostóirí go ndéanfar acmhainní eagraíochtúla a thacaíonn le cosc príomhúil, lena n-áirítear tacaíocht bhainistíochta, rannpháirtíocht oibrithe agus rochtain ar oiliúint, a chur ar fáil go héifeachtach do gach oibrí.

Cuirfidh siad oiliúint rialta agus leordhóthanach ar fáil freisin d'oibrithe, do bhainisteoirí agus do mhaoirseoirí maidir le rioscaí síceasóisialta a bhaineann leis an obair agus tosca riosca a bhaineann le heagrú, dearadh agus bainistiú na hoibre, an comhthéacs sóisialta agus coibhneasta ag an obair, agus dálaí oibre, agus bearta coisctheacha.

